Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12628/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0234(NLE)**

TRANS 589
MAR 167

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11817/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11800/22 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh a bhaineann le hárthaí loingseoireacht intíre agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann<br>– Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 11 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Baineann an togra le seasamh an Aontais a bhunú ag cruinniú an Choiste Eorpaigh um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre (CESNI) an 13 Deireadh Fómhair 2022 agus ag cruinniú sheisiún iomlánach an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin (CCNR) an 8 Nollaig 2022 i ndáil leis na Caighdeáin Eorpacha lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh Árthaí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2023/1) agus an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2023/1), a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh.

3. Féadfaidh na caighdeáin sin tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus na sonraíochtaí teicniúla ceangailteacha arna nglacadh faoi chuimsiú Threoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

4. Is eagraíocht idirnáisiúnta é CCNR a bhfuil inniúlachtaí rialála aige maidir le cúrsaí loingseoireachta intíre ar an Réin. Tá ceithre Bhallstát de chuid an Aontais (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír) agus an Eilvéis ina bpáirtithe in CCNR. Níl an tAontas ina pháirtí in CCNR.

5. Bunaíodh CESNI an 3 Meitheamh 2015 faoi chuimsiú CCNR chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe a mhéid a bhaineann le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.

## II. <u>OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE</u>

6. Scrúdaigh an <u>Mheitheal um Loingseoireacht</u> an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 5 agus an 12 Meán Fómhair 2022.

7. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thángthas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

## III. <u>CONCLÚIDÍ</u>

8. Iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 12317/22 é, a d'ullmhaigh na seirbhísí dlítheangeolaíocha, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a tharchur chuig an <u>gComhairle</u> lena ghlacadh.

9. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[1] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n- aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

[2] Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).